Cód Eitice an Garda Síochána

Aibreán 2016

Cúlra

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

Cód Eitice na bPóilíní

Tá dualgas ar an Gharda Síochána fáilte a chur roimh úsáid na Gaeilge am ar bith atá siad ag plé leis an phobail, bíodh sin i stáisiún na nGardaí nó amuigh ar an sráid. Mar chuid den obair seo, tá sé tábhachtach go mbeadh gach foirm, bileog, suíomh idirlín nó ábhar eile ar fáil go dátheangach nó go mbeadh an leagan Gaeilge ar fáil ar an chaighdeán ceánna comh furasta agus atá an leagan Béarla.

Má chomhlíontar gach forála atá leagtha amach i Scéim Teanga an Gharda Síochána,[1] léireoidh sé seo go bhfuil an eagraíocht tiomanta i dtreo seirbhísí d'ardchaighdeán curtha ar fáil do phobal na Gaeilge agus Gaeltachta, agus léireoidh sé seo meas agus tuiscint ar riachtanais an phobail.

Mar chuid den obair seo, tá sé tábhachtach go ndéantar tairiscint ghníomhach i gcónaí maidir leis an Ghaeilge. Mura bhfuil an pobal ar an eolas gur féidir leo an Ghaeilge a úsáid agus iad ag plé leis na Gardaí, tá i bhfad níos lú seans ann go mbainfidh siad úsáid aisti.

[1] Ar fáil: http://www.coimisineir.ie/downloads/AnGardaSiochana.pdf